**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2018/0356M(NLE)**

5.12.2019

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt chun críche an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam
(2018/0356M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Isabel Wiseler-Lima

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Á mheabhrú dó gur thug an Pharlaimint a toiliú i leith Chreat-Chomhaontú AE-Vítneam maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach (PCA) an 17 Nollaig 2015[1], lena sainítear an caidreamh agus cuspóirí a bheidh ann amach anseo chun an comhar i dtaca le dúshláin dhomhanda agus réigiúnacha a fheabhsú tuilleadh; is díol imní dó go bhfuil cás chearta an duine imithe in olcas sa tír ó tháinig an PCA i bhfeidhm;

2. Is oth leis nach ndearna an Coimisiún aon mheasúnú tionchair ar chearta an duine i leith Chreat-Chomhaontú AE-Vítneam, cé gur iarr an Pharlaimint air é sin a dhéanamh, rud a thagann salach ar an gCinneadh ón Ombudsman Eorpach in 2015 agus ar na gealltanais a tugadh i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, agus iarrann sé air measúnú den sórt sin a dhéanamh láithreach; cuireann sé i bhfios gur thug an Coimisiún gealltanas freisin measúnú tionchair eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil *ex post* a dhéanamh;

3. Cuireann sé i dtreis an tábhacht straitéiseach atá le Vítneam mar chomhpháirtí ríthábhachtach den Aontas san Áise Thoir Theas agus i measc Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), go sonrach ach ní go heisiach, i ndáil leis an gcaibidlíocht maidir leis an athrú aeráide, dea-rialachas, forbairt inbhuanaithe, dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta; cuireann sé i bhfáth go láidir gur gá do Vítneam a bheith ina chomhpháirtí i dtaobh cearta an duine agus an t-athchóiriú daonlathach a chur chun cinn; tugann sé dá aire go bhfuil cathaoirleacht ASEAN ag Vítneam don bhliain 2020; cuireann sé i bhfáth go láidir gur riachtanach don Aontas agus do Vítneam Comhaontú Pháras a urramú agus é a chur chun feidhme ina iomláine.

4. Is díol sásaimh dó an comhaontú idir an tAontas agus Rialtas Vítneam lena mbunaítear creat rannpháirtíochta do Vítneam in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais, a síníodh ar an 17 Deireadh Fómhair 2019; cuireann sé i dtreis go bhfuil Vítneam ar an dara tír chomhpháirtíochta san Áis a shínigh Creatchomhaontú rannpháirtíochta leis an Aontas; cuireann sé i bhfáth go láidir gur céim shuntasach chun cinn é an comhaontú sa chaidreamh idir an tAontas agus Vítneam;

5. Aithníonn sé iarrachtaí Vítneam maidir le clár oibre athchóirithe a chur i gcrích, go háirithe maidir le cearta comhshaoil agus saothair na caibidle maidir le forbairt inbhuanaithe den Chomhaontú Saorthrádála (CST); iarrann sé ar Rialtas Vítneam gach beart reachtach agus neamhreachtach iomchuí a dhéanamh chun na caighdeáin is airde a ráthú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear caighdeáin chomhshaoil agus saothair, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin; is díol sásaimh dó na sé cinn as ocht gcroíchoinbhinsiún EIS a daingníodh, eadhon Uimh. 29 maidir le saothar éignithe, Uimh. 100 agus Uimh. 111 maidir le neamh-idirdhealú, Uimh. 138 agus Uimh. 182 maidir le saothar leanaí agus an ceann is déanaí, Uimh. 98 maidir leis an gceart eagrúcháin agus cómhargála; tathantaíonn sé ar Rialtas Vítneam na coinbhinsiúin atá fós gan réiteach a dhaingniú go mear agus a chur chun feidhme go hiomlán; iarrann

[1] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2015)0467.

sé go mbeadh sásra ann a bheadh in-fhorfheidhmithe go hiarbhír agus a mbeadh feidhm aige maidir leis an gcaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD), agus go mbeadh amlíne shoiléir, phoiblí agus cheangailteach ann le haghaidh dhaingniú Choinbhinsiún EIS Uimh. 87 maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin agus Uimh. 105 maidir le saothar éigeantach a chur ar ceal;

6. Tá sé fós imníoch faoi sháruithe ar chearta an duine i Vítneam, lena n-áirítear pianbhreith, imeaglú polaitiúil, faireachas iomarcach, ciapadh, ionsaí, fuadach agus trialacha éagóracha ar ghníomhaithe polaitiúla, iriseoirí, blágálaithe, easaontaigh, agus cosantóirí chearta an duine, srian a chur leis an tsaoirse creidimh agus leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus leis an tsaoirse comhlachais, agus cur i bhfeidhm phionós an bháis; iarrann sé ar Vítneam moratóir ar phionós an bháis a thabhairt isteach agus céimeanna a thógáil láithreach lena dhíothú; is mór an díol trua dó go bhfuil méadú tagtha le blianta beaga anuas ar líon na bpríosúnach polaitíochta agus na n-iriseoirí, na mblágálaithe agus gníomhaithe chearta an duine, agus na ngníomhaithe saothair, creidimh agus comhshaoil atá á gcoinneáil; iarrann sé go scaoilfear saor iad siúd go léir atá á gcoinneáil díreach toisc go bhfeidhmigh siad a saoirse chun tuairimí a nochtadh agus go dtarraingeofar siar gach cúiseamh atá á chur ina leith;

7. Cuireann sé i dtreis gur cloch choirnéil na caibidle TSD den CST is ea cearta an duine; is ábhar imní dó nach ndíríonn an CST ach ar raon áirithe ceart, is iad sin príomhchoinbhinsiúin EIS go príomha; iarrann sé, dá bhrí sin, go ndéanfaí cearta an duine a áireamh ar bhealach níos cuimsithí, lena ngabhfadh sásra chun a bhforfheidhmiú éifeachtach a áirithiú; iarrann sé go ndéanfaí meastóireacht thréimhsiúil, neamhspleách ar thionchar an chomhaontaithe;

8. Iarrann sé ar Vítneam na moltaí a rinneadh le linn an Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoitinn is déanaí a chur chun feidhme; iarrann sé ar údaráis Vítneam a reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin agus oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR) a bhfuil Vítneam mar pháirtí ann, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar a Chód Pionósach, ar a dhlí maidir leis an gcibearshlándáil agus ar a dhlí maidir le creideamh agus reiligiún; iarrann sé ar rialtas Vítneam reachtaíocht a thabhairt isteach lena rialófar tionóil phoiblí agus léirsithe poiblí i gcomhréir leis na cearta chun saoirse comhthionóil agus comhlachais;

9. Cuireann sé i bhfáth go ndéanann Airteagal 13 den CST cur chuige comhoibritheach a chuimsiú arna bhunú ar luachanna agus leasanna coiteanna, agus na héagsúlachtaí atá i leibhéil forbartha faoi seach na bPáirtithe á gcur san áireamh; is díol sásaimh dó an fhéidearthacht maidir le réiteach a fháil ar dtús ar ábhair a thagann faoi Airteagal 13 maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe trí mhalartú sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe; is oth leis, i gcás nach réiteofar na hábhair sin, go bhféadfaidh an dara sásra, lena bhfuil Páirtí in ann Painéal Saineolaithe neamhspleách a iarraidh, leanúint de bheith faoi réir nósanna imeachta na bPáirtithe féin agus faoi réir a thoilteanaí a bheidh siad leas a bhaint as; iarrann sé ar an Aontas agus ar Vítneam sásra neamhspleách faireacháin um chearta an duine agus sásra neamhspleách gearán a bhunú, rud a chuirfidh ar chumas saoránach agus geallsealbhóirí áitiúla dá ndéantar difear dul i muinín réiteach a bheidh éifeachtach, agus a chuirfidh uirlis ar fáil dóibh chun go bhféadfar dul i ngleic le tionchair dhiúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann ar

chearta an duine, go háirithe tríd an sásra um réiteach díospóidí idirstáit a chur i bhfeidhm a ghabhann leis an gcaibidil TSD;

10. Cuireann sé i bhfáth go gcruthaíonn an CST nasc institiúideach leis an PCA atá ceangailteach ó thaobh an dlí de; cuireann sé i bhfios go bhfuil clásal caighdeánach maidir le cearta an duine in Airteagal 1 den PCA ar féidir leis a bheith ina shiocair le bearta iomchuí a thionscnamh, lena n-áirítear, mar rogha dheireanach, an PCA a fhionraí, nó codanna de, gan mhoill; á mheabhrú dó gur chinn an tOmbudsman Eorpach i gcás 1409/2014/MHZ maidir le CST AE-Vítneam nár leor brollach CST AE-Vítneam agus na huirlisí traidisiúnta eile, amhail clásal an 'eilimint riachtanach' den PCA agus an t-idirphlé maidir le cearta an duine, chun a áirithiú go ndéanfaí oibleagáidí an Aontais a urramú mar is iomchuí, go háirithe nuair nach raibh reachtaíocht an tríú tír i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; iarrann sé go mbunófaí sásra chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chlásail maidir le cearta an duine ar bhonn measúnuithe tréimhsiúla agus go mbunófaí nós imeachta ina leagfaí amach iarmhairtí soiléire inchreidte a thiocfadh as sárú a dhéanamh ar an gcomhaontú;

11. Is díol imní dó go bhfuil sochaí shibhialta neamhspléach Vítneam á cur faoi chois go brúidiúil agus go bhfuil go leor dá hionadaithe ag feidhmiú faoi cheilt, agus eagla orthu roimh ghéarlúint agus roimh fhrithbheart; á mholadh don Choimisiún dlús a chur le cúnamh teicniúil agus leis an gcistiú atá ar fáil chun sochaí shibhialta neamhspleách Vítneam a fhorbairt agus chun tacú leis an tír lena hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chomhlíonadh agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí Airteagal 13 den CST; iarrann sé ar an gCoimisiún a ráthú go mbeidh ionadaithe na sochaí sibhialta atá go hiomlán neamhspleách sna grúpaí comhairleacha baile (DAGanna) dá bhforáiltear sa chaibidil TSD agus go ndéanfaí na sásraí atá i bhfeidhm a shoiléiriú chun a áirithiú go bhféadfaí gníomhú go cuí agus go sábháilte agus grinnscrúdú á dhéanamh acu ar chur chun feidhme an CST gan eagla a bheith orthu roimh bhearta frithbheartaíochta;

12. Cuireann sé i dtreis gur riachtanach don Pharlaimint agus dá toscaireacht idirpharlaiminteach inniúil súil ghéar a choinneáil ar a dtitfidh amach i Vítneam agus faireachán a dhéanamh air sin agus ar chur chun feidhme gach cuid den CST chun go bhféadfar freagairt ar fhorbairtí ar an láthair; iarrann sé ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ar an gCoimisiún dul i mbun dlúthchomhar leis an bParlaimint mar chuid den ullmhúchán don idirphlé bliantúil maidir le cearta an duine, do na seisiúin faisnéisithe ghaolmhara agus chun straitéis tíre an Aontais maidir le cearta an duine do Vítneam a nuashonrú;

13. Creideann sé go láidir nach mór na réimsí seo a leanas a fheabhsú i Vítneam: an smacht reachta, an dea-rialachas, an fhorbairt inbhuanaithe agus urraim do chearta an duine;

14. Iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS tuairisc fhoirmiúil a thabhairt don Pharlaimint maidir le tiomantas Vítneam dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le sraith saincheisteanna faoi chearta an duine, amhail dá dtagraítear ina rún an 17 Nollaig

2015[2];

15. Measann sé nár cheart toiliú a thabhairt don chomhaontú ach amháin sa chás go ndéanfaidh údaráis Vítneam a bpríosúnaigh pholaitíochta a scaoileadh saor; cuireann sé i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé teacht ar chomhaontú leis an gCoimisiún faoi amlíne shoiléir, agus gealltanas a thabhairt ina taobh, chun bearta éifeachtacha reachtacha agus neamhreachtacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a leagtar amach sa rún seo; iarrann sé ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin.

[2] Rún neamhreachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2015 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe, ar son an Aontais, maidir le Comhpháirtíocht agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shóisialach Vítneam, den pháirt eile (IO C 399, 24.11.2017, lch. 141).

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt chun críche an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam |
| **Tagairtí** | 2018/0356M(NLE) |
| **An Coiste freagrach** | INTA |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fhógartha sa suí iomlánach | AFET<br>24.10.2019 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Isabel Wiseler-Lima<br>30.9.2019 |
| **Arna phlé i gcoiste** | 14.10.2019 2.12.2019 |
| **Dáta a ghlactha** | 4.12.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 47<br>–: 7<br>0: 8 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Traian Băsescu, Phil Bennion, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Gina Dowding, Tanja Fajon, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Nathalie Loiseau, Jaak Madison, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Javier Nart, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Kati Piri, Diana Riba i Giner, Catherine Rowett, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Radosław Sikorski, Sergei Stanishev, Hermann Tertsch, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Irina Von Wiese, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrea Cozzolino, Arnaud Danjean, Loucas Fourlas, Jytte Guteland, Andrzej Halicki, Martin Horwood, Katrin Langensiepen, Hannah Neumann, Juozas Olekas, Kris Peeters, Bert-Jan Ruissen, Mick Wallace, Javier Zarzalejos, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Heidi Hautala, Gilles Lebreton, Geoffrey Van Orden |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 47 | + |
|---|---|
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Arnaud Danjean, Loucas Fourlas, Michael Gahler, Andrzej Halicki, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Kris Peeters, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Phil Bennion, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Martin Horwood, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, Irina Von Wiese |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Andrea Cozzolino, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Jytte Guteland, Sven Mikser, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Sergei Stanishev |
| VERTS/ALE | Gina Dowding, Heidi Hautala, Katrin Langensiepen, Hannah Neumann, Diana Riba i Giner, Catherine Rowett, Viola Von Cramon-Taubadel |

| 7 | - |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Jacek Saryusz-Wolski, Geoffrey Van Orden, Witold Jan Waszczykowski |
| GUE/NGL | Mick Wallace |
| ID | Gilles Lebreton, Thierry Mariani |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Hermann Tertsch, Charlie Weimers |
| GUE/NGL | Giorgos Georgiou, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz |
| ID | Susanna Ceccardi, Jaak Madison, Bernhard Zimniok |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh